Rewarding Learning

**ADVANCED**
**General Certificate of Education**
**January 2011**

# Staidéir Ghnó

## Aonad Measúnaithe A2 1

*ag measúnú*

## Cinnteoireacht Gnó

**[AT211]**

AT211

**DÉ LUAIN 24 EANÁIR, IARNÓIN**

**AM**

2 uair an chloig.

**TREOIR D'IARRTHÓIRÍ**

Scríobh d'Uimhir Lárionaid agus d'Uimhir Iarrthóra ar an Leabhrán Freagraí atá ar fáil.
Freagair **gach** ceist.

**EOLAS D'IARRTHÓIRÍ**

Is é 80 an marc iomlán don pháipéar seo.
Measúnófar caighdeán na cumarsáide scríofa i gceisteanna **5** agus **6**.
Léiríonn figiúirí idir lúibíní ar thaobh na láimhe deise de leathanaigh na marcanna atá ag dul do gach ceist nó do gach cuid de cheist.

**COMHAIRLE D'IARRTHÓIRÍ**

Moltar duit na marcanna atá ag dul do gach ceist nó do gach cuid de cheist a chur san áireamh.

Déan staidéar ar an fhaisnéis thíos agus freagair na ceisteanna a leanann.

**Clear View Tta Thíos Leis mar gheall ar an Chúlú**

Is gnólacht teaghlaigh é Clear View Tta atá lonnaithe i nDún Geanainn, Tuaisceart Éireann, agus tá fuinneoga agus doirse á ndéanamh aige le 20 bliain anuas. Roimh 1993, bhí an comhlacht lonnaithe i bhfoirgneamh ar cíos, agus fuinneoga agus doirse á soláthar aige do mhargadh Thuaisceart Éireann. Bhí 30 fostaí ag an chomhlacht agus ní raibh a chuid táirgí ar fáil ach in dhá dhath; bán agus mahagaine.

In 1993, faoi cheannaireacht Bill McKenna, chuir an comhlacht éagsúlacht gnó i bhfeidhm agus seachas a chuid táirgí a dhíol le daoine aonair thosaigh sé ar a ndíol le comhlachtaí tógála. Agus an straitéis nua seo i bhfeidhm, bhí borradh gasta faoi Clear View Tta agus tá sé anois ar cheann de na comhlachtaí is mó sa RA agus in Éirinn a bhfuil doirse, fuinneoga, grianáin agus aonaid shéalaithe ghloine PVCu á ndéanamh aige. Ní roghnaíonn sé ach na hábhair is fearr cáilíocht agus déantar an raon táirgí de réir an chaighdeáin is airde feabhas tríd an phróiseas monaraithe ar fad.

Ráiteas misin an Chomhlachta seo thíos, cuireann sé síos go soiléir ar an fhís aige:

**“Le bheith ar an eagraíocht is fearr san earnáil mhargaidh a bhfuilimid ag freastal uirthi, déanaimid ár dtáirgí agus ár seirbhísí a fhorbairt le riar ar ionchais ár gcustaiméirí nó lena sárú, fiú.”**

Leis an an fhís seo a chomhlíonadh, bíonn Clear View Tta ag iarraidh na rudaí seo a leanas a chur i gcrích:

- **Orduithe le haghaidh frámaí a chomhlíonadh taobh istigh de 3 lá**
- **Méideanna gloine a ghearradh de réir miosúir taobh istigh de chúig huaire an chloig oibre**
- **Táirgí á seachadadh go gasta ag flít leoraithe Clear View**
- **Ordú ar líne trí Clear View Direct**
- **Foireann speisialaithe le cúram a thabhairt d’orduithe custaiméirí ón am a fhaightear iad go seachadtar iad**
- **Orduithe le haghaidh grianáin a phróiseáil taobh istigh de 12 lá oibre**

Aithníodh tiomantas Clear View Tta do cháilíocht agus d’fheabhas leantach nuair a fuair sé bronntaí amhail an ISO 9001 agus an British Standard Kitemark.

Tá rún ag Clear View Tta tionscnaimh cháilíochta eile a chur i bhfeidhm agus leis na tionscnaimh seo a mhaoiniú fuair sé iasacht ón bhanc le hinfheistiú i meaisín gearrtha nua. Agus buiséad oibre £50,000 ag an Bhainisteoir Oibríochtaí, tá sé ag smaoineamh ar dhá mheaisín a fháil agus tá na torthaí ionchais in **Tábla 1**.

**Tábla 1**

**Tionscadail Infheistíochta**

| | **Meaisín A (£000)** | **Meaisín B (£000)** |
|---|---|---|
| **Costas tosaigh** | **50** | **40** |
| Torthaí: Bl 1 | 25 | 10 |
| Bl 2 | 25 | 20 |
| Bl 3 | 25 | 35 |
| **Torthaí Iomlána** | **75** | **65** |
| **MRT (ARR)** | 16.6% | 20.8% |

Bhí tréimhse forbartha ag Clear View Tta roimh 2008. Chuidigh dhá rud leis seo, mar atá infheistiú caipitil taobh isigh den ghnólacht agus comhlacht iomaíochta a fháil mar éadáil. Mar gheall ar an fhorbairt seo, méadaíodh ar líon na bhfostaithe ó 380 go 740 agus ar láimhdeachas go £55.2m faoi 2009. Bhí todhchaí mhaith i ndán do Clear View Tta de réir gach cosúlachta!

Léirítear in **Tábla 2** thíos, áfach, an t-athrú géar a bhí ann ar thosca trádála mar gheall ar an chúlú.

**Tábla 2**

**Clear View Tta**

| **Bliain dar críoch 31ú Nollaig** | **Figiúirí ina £m** | **2008** | **2009** | **2010** | **Athrú % idir 2009–2010 (Go garbh)** |
|---|---|---|---|---|---|
| | Láimhdeachas | 45.8 | 55.2 | 41.7 | Síos 24% |
| | Brabús Oibríochta | 4 | 5.5 | 0.9 | Síos 84% |
| | Brabús roimh Cháin | 3.3 | 4.8 | 0.08 | Síos 98% |
| | Caiteachas Caipitiúil | 10 | 1.7 | 5.1 | Suas 201% |
| | Cistí Scairshealbhóirí | 8.9 | 12.1 | 12.5 | Suas 3% |

Cuireann na figiúírí do Clear View Tta in iúl go raibh laghdú suntasach gníomhaíochta ann taobh istigh den earnáil tógála agus léiríonn siad chomh maith gur féidir nach bhfuil sé inmharthana anois cloí le cuspóir fáis an chomhlachta. Déanta na fírinne, lagdaíodh ar fhoireann an chomhlachta go 602 faoi 2010 ar ionann é agus laghdú de thuairim is 6% i gcoibhneas leis na leibhéil foirne a tuairiscíodh sa bhliain airgeadais roimhe sin. Caithfidh an lucht bainistíochta, mar sin, aird a dhíriú ar 'mharthain', sa ghearrthéarma ar a laghad.

Caithfidh iarrthóirí na ceisteanna **uilig** a fhreagairt.

**1** Mínigh **dhá** fháth ar chóir ráiteas misin a bheith ag Clear View Tta. [4]

**2** Anailísigh an dóigh a bhféadfadh coimhlint a bheith ann idir **3** ghrúpa scairshealbhóirí taobh istigh de Clear View Tta. [7]

**3** Pléigh 'marthain' mar chuspóir fóirsteanach d'eagraíocht amhail Clear View Tta. [15]

**4** Meas na buntáistí agus na míbhuntáistí do ghnólacht amhail Clear View Tta as Méanráta Toraidh (MRT) (ARR) a úsáid mar mhodh breithmheasa ar infheistíocht. [15]

**5** Meas na tairbhí agus na teorannuithe d'eagraíocht amhail Clear View Tta as Maitrís Ansoff a úsáid mar uirlis chinnteoireachta. [19]

**6** Meas a úsáidí atá cuntais fhoilsithe do scairshealbhóirí Clear View Tta. [20]

## SEO DEIREADH AN SCRÚDPHÁIPÉIR

Cuireadh isteach ar chead chun an t-ábhar cóipchirt uile a atáirgeadh.
I gcásanna áirithe is féidir nár éirigh le CCEA teagmháil a dhéanamh le húinéirí cóipchirt agus beidh sé sásta na hadmhálacha sin a fágadh ar lár a chur ina gceart amach anseo ach é a chur ar an eolas.